Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15506/17**

**EMPL 606**
**SOC 795**
**DIGIT 276**
**EDUC 447**
**PENS 8**
**FISC 352**
**GENDER 43**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14954/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i nDán don Obair: An ríomhobair a éascú<br>(7 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le 'A bhfuil i nDán don Obair: An ríomhobair a éascú, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3583ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Nollaig 2017.

**A bhfuil i ndán don Obair: An ríomhobair a éascú**

**Conclúidí ón gComhairle**

**DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS**

1. I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear digitiú, uathoibriú agus domhandú, athruithe déimeagrafacha agus an imirce idirnáisiúnta, tá athruithe i margadh an tsaothair agus na fostaíochta ag tarlú go tapa, ag imirt tionchair ar nádúr, cáilíocht agus táirgiúlacht oibre. Sa chomhthéacs sin, tá saol na hoibre ag athrú agus ag éirí níos casta. Cé gur féidir roinnt post a uathoibriú trí úsáid a bhaint as róbait agus intleacht shaorga, tá poist agus cúraimí eile ag athrú agus cineálacha nua oibre á gcruthú agus, ag an am céanna, cineálacha eile ag fanacht mar atá.

2. Tá caidreamh fostaíochta traidisiúnta á chomhlánú nó tá cineálacha nua, neamhchaighdeánacha fostaíochta atá níos solúbtha á gcur ina ionad, amhail obair a chuirtear ar fáil trí ardáin dhigiteacha i gcomhthéacs geilleagar cúram-bhunaithe, ach trí fhoirmeacha éagsúla den fhéinfhostaíocht freisin. Cé go gcruthaíonn na hathruithe seo deiseanna nua do dhaoine páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair, is féidir leo, mar sin féin, éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar dhálaí oibre agus cosanta na n-oibrithe agus an fhostaíocht neamhbhuan a mhéadú dá réir. Ardaítear ceisteanna mar thoradh air sin maidir leis na foirmeacha oibre atá inghlactha agus maidir leis an gcaoi ar féidir cáilíocht na hoibre agus an chosaint shóisialta a choimirciú do gach oibrí, beag beann ar chineál na hoibre a dhéanann an duine sin.

3. Leis an aistriú digiteach agus bealaí nua oibre, leagtar síos ceanglais nua maidir le cineálacha scileanna agus inniúlachtaí a bhfuil gá leo i margadh an tsaothair. Tá inniúlachtaí digiteacha agus scileanna idirdhisciplíneacha riachtanach ionas go mbeidh daoine in ann dul in oiriúint do phoist amach anseo: tá cumas cinnteoireachta fónta de dhíth sna cineálacha nua oibre; neartaítear an gá a bhíonn le foghlaim leanúnach leis na hathruithe i bpatrúin ghairme; le teicneolaíochtaí nua, is gá tacair nua scileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus scileanna cognaíocha. Ag an am céanna, fágann na hathruithe atá tagtha ar nádúr an chaidrimh fostaíochta dúshlán roimh an ról reatha atá ag oibrithe, fostóirí agus ag institiúidí oideachas maidir le forbairt scileanna. Ina theannta sin, níl féachta fós ag na córais forbartha scileanna arb ann dóibh faoi láthair ar cé mar is féidir leo dul in oiriúint go leortapa do na héilimh atá ann ar scileanna nua.

4. Spreag an t-ábhar seo – a bhfuil i ndán don obair – idirphlé torthúil ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. I mí Mheán Fómhair 2017, tionóladh comhdháil ardleibhéil maidir le Todhchaí na hOibre mar aon le Cruinniú Mullaigh Digiteach Thaillinn faoi Uachtaránacht na hEastóine. Tá obair ar siúl ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir lena bhfuil i ndán do chúrsaí oibre.

5. I saol athraitheach na hoibre, caithfidh an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, agus na comhpháirtithe sóisialta a bheith nuálach agus caithfidh siad féachaint ar bhealaí nua chun fostaíocht, an chosaint shóisialta agus forbairt scileanna a bhainistiú. Tá an tAontas Eorpach tar éis roinnt tionscnamh beartais a sheoladh maidir leis an mbealach chun cinn ionsar Eoraip shóisialta. In 2016, ghlac an Coimisiún Eorpach Clár Oibre do Scileanna Nua don Eoraip agus clár oibre Eorpach maidir leis an ngeilleagar comhoibríoch. i mí Aibreán 2017, mhol an Coimisiún Eorpach Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina leagtar amach roinnt príomhphrionsabal agus ceart chun tacú le margaí saothair agus córais leasa shóisialta atá cothrom agus dea-fheidhmiúil. Is é is aidhm do na prionsabail atá molta aghaidh a thabhairt ar na hathruithe sa saol oibre agus sna sochaithe lena léirítear bunbhrí an gheilleagair shóisialta margaidh san 21ú haois.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID A LEANAS:**

FOSTAÍOCHT AGUS DÁLAÍ OIBRE

6. Bunaithe ar chonradh éiginnte, neamhiata, lánaimseartha, díreach, leis an bhfostóir, a bhíodh sa chaidreamh fostaíochta traidisiúnta go dtí seo. Ach is léir ó mheasúnuithe a rinneadh le déanaí go bhfuil ag méadú ar an dusma a bhíonn idir an fostóir agus an fostaí spleách mar thoradh ar an digitiú, ar fhorbairt geilleagair ardáin agus ar chineálacha nua fostaíochta a bheith ag teacht chun cinn. Bíonn tionchar ag athruithe i bpatrúin fostaíochta ar chothromaíocht na bhfreagrachtaí idir fostóirí agus oibrithe, agus i gcásanna áirithe, is cosúil go dtiocfaidh méadú ar fhreagrachtaí na n-oibrithe maidir lena ndálaí oibre, mar shampla maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus am oibre. Beag beann ar athruithe i bpatrúin fostaíochta, ní mór dálaí oibre sásúla a áirithiú do chách.

7. Tá an saol oibre ag éirí níos faide, níos éagsúla agus níos soghluaiste. Ní mór beartais fostaíochta agus sóisialta a oiriúnú freisin don réaltacht nua, d'fhonn cuidiú le heagraíochtaí athrú agus le daoine a bheith níos athléimní, agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair agus iad a chumhachtú trí na haistrithe sin. Ba cheart do na Ballstáit soghluaisteacht gheografach agus ceirde a éascú agus for-rochtain a neartú agus tacú leo siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. Is féidir le seirbhísí poiblí ról tábhachtach a imirt chun aistrithe i margadh an tsaothair a éascú.

8. Agus modhanna oibre traidisiúnta ag meascadh le cineálacha nua fostaíochta, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta leas a bhaint as na deiseanna atá á gcruthú i saol na hoibre, agus ag an am céanna dálaí oibre sásúla a chur ar fáil chun oibrithe a chosaint agus deiseanna comhionanna a áirithiú do chách chun páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair. Leis na deiseanna sin, fágfar go bhféadfaidh tuismitheoirí agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

9. Bíonn míchothromaíochtaí traidisiúnta i gcónaí ag teacht ar ais chun cinn i saol nua na hoibre, lena n-áirítear mar leithscaradh inscne i margadh an tsaothair. Dá gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí inscne agus fir agus mná a chumasú chun leas a bhaint as na deiseanna nua ar bhonn atá níos comhionainne, ach ag an am céanna éagsúlacht agus deiseanna comhionanna a chur chun cinn le haghaidh gach grúpa atá faoi mhíbhuntáiste, tríd an ngeilleagar sóisialta i measc nithe eile, d'fhéadfaí fáil ar dheiseanna nua a thabhairt do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí, don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne.

10. Is gné ríthábhachtach den Eoraip é an t-idirphlé sóisialta. Is iad na fostóirí agus na fostaithe, lena n-ionadaithe faoi seach, is fearr atá in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le fostaíocht. Tá comhpháirtithe sóisialta láidir agus idirphlé sóisialta éifeachtach ríthábhachtach chun todhchaí na hoibre atá cothrom cothromasach a mhúnlú. Sa saol nua oibre, caithfidh na comhpháirtithe sóisialta teacht ar shlite lena áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ar son na saoránach atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de agus atá ag obair sna cineálacha éagsúla fostaíochta, agus go mbeidh a nguth le cloisteáil san idirphlé sóisialta.

AN CHOSAINT SHÓISIALTA

11. Is fada na córais cosanta sóisialta ina gcuid ríthábhachtach den Eoraip Shóisialta. I ngeall ar chineálacha nua na fostaíochta, ní mór leibhéil cosanta sóisialta a choinneáil nó a mhéadú chun cosaint leordhóthanach a thairiscint i gcoinne rioscaí sóisialta.

12. Ba cheart a chur san áireamh i gcórais cosanta sóisialta na mBallstát patrúin nua fostaíochta, lena n-áirítear a staid siúd a ghluaiseann go minic ó chineál amháin fostaíochta go cineál eile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart cearta cosanta sóisialta a chaomhnú i gcás ina n-aistrítear ó chineál amháin fostaíochta go cineál eile i gcomhréir le cleachtais náisiúnta. Ní mór na córais cosanta sóisialta a chur in oiriúint do chumas ranníocaíochta agus do riachtanais chosanta na gcineálacha éagsúla fostaíochta. Ní foláir athruithe sna córais cosanta sóisialta a dhéanamh i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta agus cúinsí náisiúnta á gcur san áireamh agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

13. Tá an cánachas ar shaothar fós ar cheann de na foinsí ioncaim a bhíonn ag na scéimeanna cosanta sóisialta. Mar sin féin, fágann cineálacha nua fostaíochta agus fiontraíochta dusma ar an idirdhealú idir fostóir agus fostaí, idirdhealú ba bhonn roimhe seo do chórais sochair chánach. I bhfianaise forbairtí a tharlóidh amach anseo i margadh an tsaothair, go háirithe foirmeacha éagsúla fostaíochta ag teacht chun cinn, seans go gcaithfear scrúdú a dhéanamh ar an meascán idir cánachas ar shaothar agus acmhainní eile d'fhonn a áirithiú go bhfuil maoiniú leordhóthanach ag na scéimeanna cosanta sóisialta.

14. Uirlisí éifeachtacha do na rialtais chun córais chánach agus sochar a riar ar bhealach nuálach is ea forbairt na teicneolaíochta i réimse na faisnéise agus cumarsáide. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as ríomh-réitigh chun dul i ngleic leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, sochair agus seirbhísí poiblí a chur ar fáil do shaoránaigh go réamhghníomhach agus chun tacú le soláthar cosanta sóisialta.

SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ

15. Is deacair na scileanna a bheidh de dhíth amach anseo a thuar agus is cosúil, de bharr na n-athruithe tapa atá ag teacht ar an teicneolaíocht, gur giorra a mhairfidh an tréimhse saoil a bheidh ag scileanna. Is gá infheistíochtaí cliste i scileanna, ag teacht ón éileamh atá ann cheana agus treochtaí atá ag teacht chun cinn, chun tacú le hinfhostaitheacht na n-oibrithe, rannpháirtíocht iomlán na mban agus na bhfear i margadh an tsaothair, na náisiúnaigh tríú tír nuathagtha atá ina gcónaí go dlíthiúil san Aontas a lánpháirtiú agus inniúlachtaí náisiúnta atá cumhdaithe sna Conarthaí á n-urramú ag an am céanna, agus athruithe sa gheilleagar. Ní mór do rialtas, fostóirí agus oibrithe araon a n-iarrachtaí a mhéadú chun gníomhaíochtaí scileanna nua agus scileanna níos fearr a phleanáil.

16. Ní mór do rialtais creatchoinníollacha leordhóthanacha a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht i bhfoghlaim feadh an tsaoil agus oideachas iar-thosaigh. Ba cheart do rialtais agus institiúidí oideachais oibriú i ndlúthchomhar le gnólachtaí agus comhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú ní hamháin go bhfreastalaíonn an t-oideachas ar riachtanais an mhargaidh saothair ach go dtugann sé do mhic léinn na scileanna cineálacha atá riachtanach chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus chun scileanna nua a fháil níos faide anonn ina ngairmréim (i.e. conas is féidir foghlaim). Beidh ar fhostóirí páirt ghníomhach a ghlacadh maidir le scileanna a gcuid fostaithe a neartú agus úsáid níos fearr a bhaint as na scileanna sin más mian leo a bheith iomaíoch i gcónaí. Agus athruithe i bpatrúin fostaíochta á gcur san áireamh, ní mór a áirithiú go bhféadfaidh gach oibrí páirt éifeachtach a ghlacadh i mbearta atá dírithe ar a gcuid scileanna a fhorbairt feadh a saoil oibre. Ba cheart d'fhostóirí agus d'oibrithe i dteannta a chéile timpeallachtaí oibre a chruthú ina mbeadh forbairt leanúnach scileanna, tríd an bhfoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, ina cuid nádúrtha den obair. Is dea-shampla í an fhoghlaim obairbhunaithe den tslí ar féidir riachtanais fhrithpháirteacha an fhostóra agus na bhfostaithe a bheidh acu tráth is faide anonn a chomhcheangal. Táthar ag súil go nglacfaidh oibrithe tuilleadh freagrachta orthu féin ó thaobh a gcuid scileanna a fhorbairt.

17. Tá sciar suntasach de dhaonra na hEorpa fós taobh le leibhéil ísle bunscileanna, amhail litearthacht, uimhearthacht agus scileanna digiteacha, rud a bhaineann an bonn óna n-infhostaíocht. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna sin, tá géarghá ann an rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú, go háirithe ina measc siúd is dóchúla a bheidh siar leis an athrú a thagann ar an éileamh ar scileanna. Caithfidh an feabhsú seo ar scileanna bunúsacha, lena n-áirítear scileanna digiteacha, a bheith ina chuid bhunriachtanach den fhoghlaim ar feadh an tsaoil d'fhonn eisiamh sóisialta níos mó ón bhfostaíocht agus ón tsochaí a chosc agus chun aistrithe chuig margadh an tsaothair a chur chun cinn.

18. Ba cheart soláthar deiseanna foghlamtha atá inrochtana, inacmhainne, solúbtha a mhéadú, mar shampla, tríd an rochtain ar fhoghlaim a mhéadú, tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú agus a aithint, soláthar na gcineálacha oideachais modúlacha a mhéadú agus trí úsáid uirlisí ar líne, agus trí na scileanna a fuarthas a aithint. Ní mór for-rochtain agus treoir a bheith ag gabháil leis an méid sin chun cuideachtaí agus daoine aonair a spreagadh chun páirt a ghlacadh.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,**

i ndlúthchomhar agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach:

19. ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na comhpháirtithe sóisialta aitheantas a thabhairt do theacht chun cinn cineálacha nua fostaíochta, agus ag an am céanna, dálaí oibre sásúla, cosaint sóisialta leordhóthanach agus deiseanna comhionanna a áirithiú do chách agus bealaí nua a fháil chun tionchair a d'fhéadfadh a bheith díobhálach ó thaobh margadh athraitheach an tsaothair, go háirithe ar dhaoine ar leochaileach dá gcás, a mhaolú. Ba cheart deiseanna a eascraíonn as forbairtí teicneolaíocha a fhiosrú chun rannpháirtíocht ghníomhach a leathnú agus chun an t-idirdhealú agus an t-eisiamh i margadh an tsaothair a chomhrac. Ba cheart caidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre neamhbhuana a chosc, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le mí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla.

20. ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach cineálacha fostaíochta atá ag athrú a chur san áireamh agus beartais fostaíochta, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte cheirde, oideachas agus oiliúint, agus beartais shóisialta á bhforbairt agus á gcur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, dlús a chur le hiarrachtaí chun comhionannais inscne na beartais sin, lena n-áirítear d'fhonn scileanna a fhorbairt, agus na córais bhunúsacha cosanta sóisialta a threisiú.

21. ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus, de réir na gcleachtas náisiúnta, na comhpháirtithe sóisialta an bealach is fearr a fhiosrú chun cabhrú le daoine aonair agus iad a threorú trí athruithe idir poist agus cineálacha éagsúla fostaíochta. Go háirithe, ba cheart go mbeadh córas comhtháite agus cuimsitheach tacaíochta ar fáil ina meascfaí gníomhachtú agus tacaíocht ioncaim, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

22. ar na Ballstáit leanúint ar aghaidh d'ardleibhéal cosanta sóisialta a áirithiú i ngach cineál fostaíochta agus ag an am céanna gur fiú an tairbhe an obair, agus i gcás inar gá córais cosanta sóisialta a chur in oiriúint ionas go gcumhdófar na cineálacha nua fostaíochta i gcomhréir le cleachtais náisiúnta.

23. I gcomhréir le reachtaíocht agus cleachtais náisiúnta, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta, le comhar ón gCoimisiún Eorpach, sásraí tuartha scileanna a fhorbairt tuilleadh chun teacht chun cinn post nua agus athruithe sna poist atá ann cheana a thuar, agus na beartais riachtanacha a chur chun feidhme chun infheistíocht a dhéanamh sna scileanna iomchuí.

24. ar na Ballstáit córais foghlama ar feadh an tsaoil a dhéanamh níos inrochtana agus níos solúbtha chun fostóirí agus daoine aonair a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh san fhoghlaim. I measc nithe eile, ba cheart roghanna a mheas chun tacú le hoiliúint is féidir a úsáid tríd an saol beag beann ar an stádas fostaíochta, amhail cuntais foghlama aonair. Ba cheart sásraí chun foghlama neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a aithint i margadh an tsaothair a thabhairt isteach agus a leathnú.

25. ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach agus de réir na gcleachtas náisiúnta ar na comhpháirtithe sóisialta feabhas a chur ar chomhar trí fhaisnéis agus dea-chleachtais maidir le todhchaí na hoibre a mhalartú. ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach agus de réir na gcleachtas náisiúnta ar na comhpháirtithe sóisialta úsáid a bhaint as uirlisí, nó iad a chruthú nó a nuashonrú, chun beartais fostaíochta, beartais cosanta sóisialta agus beartais forbartha scileanna a riar ar bhealach nuálach. Tríd an bhfoghlaim fhrithpháirteach, is féidir bosca uirlisí a chruthú ina mbeadh réimse ríomh-réiteach lenar féidir córais bheartais dul in oiriúint ar mhargadh an tsaothair atá ag síorathrú.

26. ar na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta, feasacht na rannpháirtithe i margadh an tsaothair a mhúscailt maidir le sochair agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar na cineálacha fostaíochta atá ag teach chun cinn.

27. ar na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta, teacht ar bhealaí chun a áirithiú go bhfuil ionadaíocht mhaith ann dóibh siúd atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de agus go gcloisfear a nglór laistigh den idirphlé sóisialta.

**Tagairtí**


- **Eurofound** (2017), Foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha: Na treochtaí is déanaí agus na hionchais amach anseo Páipéar cúlra do Chomhdháil Uachtaránacht na hEastóine: A bhfuil i nDan don Obair: An Ríomhobair a Éascú, 13-14 Meán Fómhair 2017.
- **Eurofound** (2015), Foirmeacha nua fostaíochta, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.
- **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** (2017), Réamhthuairim – Ról agus deiseanna na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta i gcomhthéacs foirmeacha nua oibre.
- **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** (2017), Réamhthuairim – Scileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha, a sholáthar agus a fhorbairt, i gcomhthéacs foirmeacha nua oibre: beartais nua agus róil agus freagrachtaí athraitheacha.
- **OECD** (2016), Innovating Education and Educating for Innovation: The Power of Digital Technologies and Skills, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.
- **An Coiste um Chosaint Shóisialta**, Tuarascáil bhliantúil (2017)